

Freagairt na Saoránach ar an mBréagaisnéis

Tá leideanna praiticiúla úsáideacha chun dul i ngleic leis an mbréagaisnéis ar fáil sa Debunking Handbook 2020, sna Rules of engagement for handling disinformation, agus i 7 ways to protect yourself against misinformation (Arizona State University).


References:

¹ The Debunking Handbook 2020
<https://skepticalscience.com/docs/DebunkingHandbook2020.pdf>

² Rules of Engagement for Handling Disinformation - 2022 edition
<https://ec.europa.eu/eurostat/documents/3859598/14279253/KS-GQ-22-003-EN-N.pdf/d0017a54-e394-3887-d4ce-875aea0606fe?t=1643963795410>

³ <https://news.asu.edu/20200407-solutions-7-ways-protect-yourself-against-misinformation>

NITHE NÁR CHEART DUIT A DHÉANAMH



Dul i ngleic go díreach le lucht scaipthe na bréagaisnéise, m.sh. ar na meáin shóisialta

Fágann sé sin go mbeifeá i mbaol frithionsaithe dá leithéidí líomhaintí faoi 'bhréagnuacht' agus go gcothófaí níos mó ionsaithe.

Ábhar na bréagaisnéise ('an miotas') a athlua agus é a ainmniú dá réir, sula gcuirfeá an fhaisnéis cheart agus na sonraí cearta ar fáil

D'fhéadfaí mí-úsáid a bhaint as sin d'aon ghnó mar dheimhniú ar an mbréagaisnéis a cuireadh ar fáil, d'fhéadfadh sé cumhacht na bhfírí oibiachtúla a mhaolú agus éifeachtúlacht argóintí agus seasaimh a lagú.

Cur chun oibre láithreach chun tú féin a scaradh ó ráitis an chúisitheora, sa chás go mbíonn rabharta ionsaithe diúltacha ann

déan na chéad chéimeanna eile a phleanáil go cúramach ina ionad sin ach freagraí inchreidte, dea-dhoiciméadaithe a chur le chéile.

Teachtaireacht na bréagaisnéise/ ainm duine a scaipthe a lua go díreach nuair nach gá sin.

Eagla a bheith ort bréagaisnéis a bhréagnú

Níl aon fhianaise ann go gcruthóidh bréagnú toradh frithionsaitheach, ach amháin i gcúinsí teoranta nuair a thugtar dúshlán tuairimí saoil daoine.



NITHE BA CHEART DUIT A DHÉANAMH

Aird a thabhairt ar an áit óna bhfuil an nuacht ag teacht

Más ó na meáin shóisialta (Facebook, Instagram nó X) atá sé ag teacht, bí san airdeall go bhféadfadh sé nach bhfuil sí fíor. Fiafraigh díot féin, 'Cé uaidh a thagann an nuacht seo agus cén cúlra atá ann?' Má dhéantar cúisimh san alt a léann tú, fiafraigh díot féin, 'Cé a bhaineann tairbhe as seo? Cad é an t-ábhar bunaidh a bhaineann leis seo?'

Má fhaigheann tú eolas ó na meáin shóisialta, seiceáil an foinse bhunaidh

Seiceáil an cuntas féachaint an foinse dheimhnithe meán í nó nach ea. Cuireann daoine a mbaineann inchreidteacht leo faisnéis ina gcuid eolais bheathaisnéise chun a n-inchreidteacht a neartú. Déan cumarsáid ar 'ardáin shábháilte' amháin le cuntais dheimhnithe agus le cuntais iontaofa.

Laistigh d'ailt nuachta, scrúdaigh na foinsí agus an chaoi a gcaitear leo agus a ndéantar tagairt dóibh

Bíonn tacar treoir eithe gairmiúla ag iriseoirí a oibríonn d'asraonta traidisiúnta nuachta agus dearbhóidh siad a gcuid foinsí. Is cuí a bheith in amhras faoi ailt a bhraitheann go hiomlán ar fhoinsí nach luaitear ainm leo gan aon chomhthacaíocht.

Léigh níos mó ná an cheannlíne

Tá sé tábhachtach an scéal ina iomláine a léamh, is minic a chuireann ceannlínte léitheoirí amú agus nach ann dóibh chun eolas a thabhairt duit. Is é is aidhm leis an gceannlíne tabhairt ort cliceáil ar an nasc nó an nuachtán a cheannach.

An nuacht a fháil ó fhoinsí éagsúla

Ba cheart do dhaoine foinsí breise nuachta a sheiceáil chun an fhaisnéis a léann siad a dhearbhu.

NITHE BA CHEART DUIT A DHÉANAMH



Aird a thabhairt ar an gcaoi a mbraitheann tú

Más rud é, tar éis duit rud éigin a léamh, go dtagann racht ort - fearg nó lúcháir, is nod soiléir é sin gur chóir duit foinsí eile a sheiceáil chun fírinne an eolais a léigh tú a dhearbhu. Is ann do leor de na samplaí bréagaisnéise chun freagairt mhór feirge nó eagla a fháil ar an eolas seachas eolas a thabhairt.

Nuair a fheiceann tú bréagaisnéis á roinnt ag baill de do phobail, ceartaigh ar bhealach cineálta í, gan éirim aigne na ndaoine a phostálan í a mhaslú

Is féidir le daoine cur i do choinne nó ionsaí a dhéanamh ort más dóigh leo gur mhaslaigh tú iad, agus is féidir leo na cosa a chur i dtaca faoin scéal bréagach ar bhonn prionsabail.

Má chinneann tú freagra a thabhairt ar bhréagaisnéis, coinnigh simplí é agus bain úsáid as teanga shimplí

Cuimhnigh go bhféadfadh sé go mbeadh daoine ann nach bhfuil an-tuiscint acu ar an réimse sonrach sin, nó nach gcaithfeadh mórán ama ag léamh do theachtaireachta.

Cumarsáid réamhghníomhach, dhearfach, a úsáid, bíodh sí simplí agus gonta

Seachain béim a chur ar bhréagaisnéis agus tú ag dul i ngleic le maíomh bréagach. Is éifeachtaí an fáth a bhfuil an fhaisnéis mhícheart a mhíniú ná díreach a lua go bhfuil sí bréagach.

Baill do phobail ar líne a spreagadh chun freagairt do bhréagaisnéis

Is féidir le ceartú a dhéanann úsáideoirí, agus algartaim (m.sh, ailt ghaolmhara a mholadh ina bhfuil ceartú) a bheith éifeachtach chun míthuiscintí pobail a mhaolú agus iad ag freagairt do bhréagaisnéis.

Tacú le baill do phobal léirmheastóireacht a dhéanamh ar an ábhar a fheiceann siad ar líne

Roinn na leideanna seo agus cuir i gcuimhne do dhaoine go bhfuil bréagaisnéis ar fud na meán sóisialta.

Ardáin fíoraithe foláirimh/ seiceála fíricí a úsáid.

Uirlisí braite bréagaisnéise a úsáid chun tagairtí d'aon téarma nó topaic ar leith a rianú

Is féidir leis na huirlisí seo cabhrú freisin le lucht tacaíochta a bhfuil tionchar acu ar a bpobail ar líne a aithint.

Bí ag súil go mbeidh an scéal bréagaisnéise le feiceáil arís

Is minic a bhíonn bréagaisnéis seasmhach agus is gá í a bhréagnú arís agus arís eile.

